Teach mór i mbaol

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi theach atá i mbaol i ndeisceart Bhaile Átha Cliath.

Cén Ghaeilge atá ar na focail/ frásaí seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

- wanting to take possession of the house
- supporting
- eviction
- anti-eviction
- in store for them
- receiver
- injunction
- appointed by the bank
- against the family's wishes
- the decision was adjourned

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 2 Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cá bhfuil an teach atá i gceist agus cén luach a bhí luaite leis?
2. Cén t-eolas a thugtar dúinn faoi theaghlach O'Donnell?
3. Déan cur síos ar an ngrúpa Conradh na Talún Nua.
4. Cén t-eolas a thugtar faoin iarratas ar urghaire a rinne Blake O'Donnell?

Ceist 3 Déan iarracht na focail a d'aimsigh tú faoi cheist 1 a fhoghlaim. Ansin, déan cur síos ar an scéal don duine in aice leat.

Ceist 4 '…i ndeisceart B<u>h</u>aile Átha Cliath…' agus '…i gcoinne m<u>h</u>ianta an teaghlaigh…'

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus déanaigí iarracht cúis an tséimhithe sna samplaí thuas a mhíniú.

Bainigí na lúibíní as na focail seo thíos agus déanaigí cibé athrú is gá:

(doras) (teach) (an chomharsa)

_____

(Scoil) (Baile Átha Cliath)

_____

(le linn) (cruinniú) (na múinteoirí)

_____

(dath) (clúdach) (an leabhar)

_____

Ceist 5 '…díshealbhú…' agus '…i gcoinne an díshealbhaithe…'

Féach ar na focail seo anois atá cosúil leis an bhfocal *díshealbhú*:

scrúdú
cóiriú
cruinniú
dúnmharú

Cuir na focail sa tuiseal ginideach uatha agus cum abairtí leo lena mbrí a léiriú. Mar shampla:

Chuir deacracht an scrúdaithe as go mór dom.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

1. An bhfuil sé de cheart ag an mbanc seilbh a ghlacadh ar theach mura bhfuil na húinéirí in ann a bhfiacha a íoc, dar leat?
2. An bhfuil muinín agat as na bainc? Cén fáth?
3. An dóigh leat go dtiocfadh le géarchéim eacnamaíochta tarlú arís in Éirinn mar a tharla sa bhliain 2008?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

wanting to take possession of the house – *ag iarraidh seilbh a ghlacadh ar an teach*
supporting – *ag tacú le*
eviction – *díshealbhú*
anti-eviction group – *grúpa frith-dhíshealbhaithe*
in store for them - *i ndán dóibh*
receiver – *glacadóir*
injunction – *urghaire*
appointed by the bank – *ceaptha ag an mbanc*
against the family's wishes – *i gcoinne mhianta an teaghlaigh*
the decision was adjourned – *cuireadh an bhreith ar athló*

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

Tugtar **ainmfhocail chinnte** ar na hainmfhocail seo a leanas:

- ✓ Ainm dílis ag tagairt do dhuine, d'áit, do dhream: *Baile Átha Cliath, Máire, Conradh na Gaeilge*
- ✓ Ainmfhocal a bhfuil an t-alt leis: *an teaghlach, na daoine*
- ✓ Ainmfhocal a bhfuil an aidiacht shealbhach roimhe: *mo theach*
- ✓ Ainmfhocal a bhfuil ainmfhocal cinnte ina dhiaidh: *mianta an teaghlaigh*
- ✓ Ainmfhocal a bhfuil uimhir nó litir leis: *rang a sé*

Má tá níos mó ná focal amháin i gceist in ainm dílis ar nós 'Baile Átha Cliath' nó i bhfrásaí ar nós 'mianta an teaghlaigh' nó 'rang a sé' thuas, tugtar **aonad cinnte** air sin.

Nuair a thagann ainmfhocal eile (nó aon cheann de na rudaí eile a chuireann ainmfhocal sa ghinideach de ghnáth) roimh aonad cinnte, ní chuirtear an t-aonad sin sa tuiseal ginideach. Fanann sé sa tuiseal ainmneach agus cuirtear séimhiú ar thúslitir an aonaid: *i gcoinne m**h**ianta an teaghlaigh*, *deisceart B**h**aile Átha Cliath.*

Tugtar 'foirm an ainmnigh in ionad an ghinidigh' ar an riail seo nó is minic freisin a úsáidtear an sampla '*hata f**h**ear an tí'* chun an riail a mhíniú.

- doras theach na comharsan
- Scoil Bhaile Átha Cliath
- le linn chruinniú na múinteoirí
- dath chlúdach an leabhair

Ceist 5

An tuiseal ginideach, uatha
an scrúdú – …an scrúdaithe
an cóiriú – …an chóirithe
an cruinniú – …an chruinnithe
an dúnmharú – …an dúnmharaithe

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Tá aturnae as Baile Átha Cliath, Brian O'Donnell, ag diúltú imeacht as a theach cónaithe i gCill Iníon Léinín i ndeisceart Bhaile Átha Cliath. Tá Banc na hÉireann ag iarraidh seilbh a ghlacadh ar an teach. Tá baill den ghrúpa ar a dtugtar Conradh na Talún Nua ag tacú le Brian O'Donnell.

Caoimhe Ní Laighin
Tugadh cuireadh don ghrúpa, Conradh na Talún Nua, teacht chuig an teach seo ar Bhóthar Vico i gCill Iníon Léinín ar maidin. Is leis an dlíodóir, Brian O'Donnell, agus a mhuintir an teach seo. Is grúpa iad Conradh na Talún Nua a bhíonn ag cuidiú le daoine a bhfuil díshealbhú i ndán dóibh. Is grúpa frith-dhíshealbhaithe iad. Tháinig siad chun an tí ar an tuiscint go gceapfaí glacadóir níos deireanaí inniu chun seilbh a ghlacadh ar an teach. Rinne siad an bealach isteach a bhlocáil le gluaisteán, mar a fheiceann tú anseo agus tá gluaisteán eile ar an taobh eile den gheata chomh maith, agus tá baill den ghrúpa sin agus Brian O'Donnell ina suí fúthu sa teach ó mhaidin.

B'fhiú 30 milliún euro an teach seo tamall ó shin. Bhí fiacha de sheachtú is a haon ponc a cúig milliún euro ar an Uasal O'Donnell agus a bhean, agus chuaigh Banc na hÉireann i mbun iarrachtaí chun an t-airgead sin a fháil ar ais uathu. Rinne siad iarracht seilbh a ghlacadh ar an teach trí na cúirteanna. Ní raibh Brian O'Donnell i láthair ag an gcúirt inniu agus urghaire á lorg i gcoinne an díshealbhaithe. An mhí seo caite tugadh ordú cúirte do ghlacadóir a bhí ceaptha ag an mbanc, chun seilbh a ghlacadh ar an teach, faoin gcéad lá de mhí Feabhra, i gcoinne mhianta an teaghlaigh. Tá ceathrar páistí fásta ag Brian O'Donnell. Bhí an t-iarratas inniu ar urghaire i gcoinne an díshealbhaithe déanta ag an mac is sine, Blake O'Donnell. Cuireadh an bhreith ar athló go dtí amárach. Dúirt an Breitheamh, Brian McGovern, san Ard-Chúirt go raibh sé ag fanacht ar thuilleadh eolais go bhfeicfeadh sé céard go díreach atá ag titim amach leis an teach.

Caoimhe Ní Laighin, Nuacht TG4 i mBaile Átha Cliath.